




Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AGUS CUNTAIS

2015



Clár Ábhar

1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013	
1.1 Ráiteas an Rialálaí	2
1.2 Foireann Bainistíochta	3
1.3 Feidhmeanna an Rialálaí	4
1.3.1 <i>Maoirseacht ar an Oibritheoir</i>	5
1.3.2 <i>Ceaduithe rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas</i>	8
1.3.3 <i>Ciste an Chrannchuir Náisiúnta</i>	9
1.3.4 <i>Forfheidhmiú Trádmharcanna</i>	10
1.4 Gnóthaí Corparáideacha	11
1.4.1 <i>Bunú</i>	11
1.4.2 <i>Straitéis</i>	11
1.4.3 <i>Rialachas corparáideach</i>	12
1.4.4 <i>Acmhainní agus soláthar foirne</i>	12
1.4.5 <i>Soláthar</i>	12
1.4.6 <i>Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais</i>	12
1.4.7 <i>Ceanglais Reachtacha</i>	12
Aguisín: Feidhmíocht vs Caighdeáin Feidhmíochta an PLI mar a thuairiscigh an PLI don Rialálaí	14
2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta	
Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de bhun alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013	15
3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta	
Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de bhun alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013	29

1.1 Ráiteas an Rialálaí



Liam Sloyan
Rialálaí an
Chrannchuir
Náisiúnta

De réir ailt 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 (“an tAcht”), tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 a chur i láthair.

Baineann níos mó ná 40% den daonra aosach taitneamh as an gCrannchur Náisiúnta ar bhonn rialta. Sna 29 mbliana atá sé i mbun feidhme go dtí deireadh na bliana 2015, thiomsaigh sé níos mó ná €4.5 billiún lena thabhairt do Chúiseanna Maithe. Sa bhliain 2015, aistríodh €193.3 milliún chun tacú le Cúiseanna Maithe. B’ionann é sin agus €3.7m sa tseachtain.

Bliain an-suntasach don institiúid náisiúnta thábhachtach seo a bhí sa bhliain 2015. Bhí sí ar an gcéad bhliain iomlán tar éis an aistriú chuig córas rialála nua. Ba éard a bhí i gceist leis ná reachtaíocht nua agus Ceadúnas nua chun an Crannchur Náisiúnta a Oibriú (“an Ceadúnas”); bunú oifig an Rialálaí; agus an t-aistriú chuig Oibrítheoir nua, mar atá Premier Lotteries Ireland DAC (an tOibrítheoir”), agus athruithe gaolmhara ó thaobh córas de.

Chuaigh mé i mbun oibre i ról Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, an chéad Rialálaí dá leithéid riamh, an 17 Samhain 2014, tamall beag roimh an aistriú chuig an Oibrítheoir nua agus chuig an gCeadúnas nua. Bunaíodh oifig an Rialálaí chun an Crannchur Náisiúnta a rialáil go neamhspleách. Ba iad cuspóirí na hoibre sin ná cuibheas agus inchothaitheacht an Chrannchuir a chinntiú, a chinntiú go gcosnaítear leasanna na rannpháirtithe agus, faoi réir na gcuspóirí sin, go n-uasmhéadaítear cistí le haghaidh cúiseanna maithe.

D’earcaigh mé foireann ghairmiúil sa bhliain agus, i dteannta a chéile, rinneamar bonneagar láidir oibriúcháin a bhunú agus a chur i bhfeidhm. Ar áireamh sa bhonneagar sin tá daoine, córais, próisis agus rialuithe atá dírithe ar ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear feidhmeanna chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh; breithniú a dhéanamh ar scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir agus ar iarrataí eile ón Oibrítheoir lena gceadú; agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú. Thóg sé roinnt ama baill foirne a earcú agus bonneagar oibriúcháin a bhunú agus táim buíoch den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as an gcúnamh agus an tacaíocht a cuireadh ar fáil ar fud na tréimhse sin.

Sa bhliain 2015, rinneamar maoirseacht ar an aistriú leantach chuig Oibrítheoir nua agus chuig córas rialála nua; rinneamar faireachán ar chomhlíonadh an Cheadúnais; bhreithníomar 30 iarraidh ar cheadú ón Oibrítheoir; agus rinneamar bainistiú agus rialú ar ollsreafaí airgid tríd an gCrannchur Náisiúnta ab fhiú breis agus €400m. Aistríodh €193.3m chuig an Státchiste chun cúiseanna maithe a chistiú. Le linn dúinn ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, bímid dírithe ar ár gcuspóirí a bhaint amach maidir le cuibheas, inchothaitheacht, cosaint imreoirí agus, faoi réir na nithe roimhe seo, cistí a uasmhéadú le haghaidh cúiseanna maithe, agus muid ag coinneáil ar an eolas faoi dhúshlán timpeallachta agus mhargaidh agus faoi dheiseanna don Chrannchur ag an am céanna.

Bhain dúshlán suntasach amháin a tháinig aníos san aistriú le bristeacha san fháil ar sheirbhísí teirminéil chun ticéid a dhíol. Tháinig sé chun cinn sa chéad ráithe den bhliain 2015 go háirithe. Bhí roinnt bristeacha teicneolaíochta ann sa tréimhse sin. Bhí sé riachtanach tarraingt do Chrannchur amháin a chur siar de bharr ceann amháin díobh. Fuair mé tuarascálacha ón Oibrítheoir agus chuaigh mé i dteagmháil dhlúth leis maidir lena chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus lena chreat rialachais agus rialaithe. Leanann an oifig seo ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oibrítheoir ina leith sin. Bhí teirminéil mhiondíoltóra ar fáil chun ticéid a dhíol ar feadh 99.65% d’uairanta díola san iomlán sa bhliain 2015.

Tá an Crannchur Náisiúnta é féin ag leanúint ar aghaidh ag éabhlóidiú. Rinneadh roinnt athruithe suntasacha sa bhliain 2015, lena n-áiríodh 17 gcluiche crannchuir nua nó leasaithe. Ar na hathruithe ba shuntasáí díobh sin bhí forbairt agus athphraghsáil an Chluiche Lotto, tabhairt ar ais Cluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh ar líne agus fillleadh an Christmas Millionaire Raffle.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d’obair agus do thiomantas mo chomhghleacaithe in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2015, leis an Uasal Paschal Donohoe TD, an tAire nua, agus le hoifigigh na Roinne as an tacaíocht agus as an gcabhair a thug siad.

Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

1.2 Foireann Bainistíochta

Bunaíodh oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, agus cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an chéad Rialálaí riamh an 17 Samhain 2014. Is iad seo an Rialálaí agus an foireann ardbhainistíochta:



An tUasal Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir
Náisiúnta

Tá an tUasal Sloyan ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus den Institute of Actuaries sa Ríocht Aontaithe. Tá céim

Mháistreachta i Matamaitic agus Staitistic aige. Sular ceapadh é chuig post Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar an Údarás Árachais Sláinte, an comhlacht reachtúil atá freagrach as an margadh árachais sláinte phríobháidigh. D'oibrigh sé roimhe sin in airgeadas, comhlíonadh agus bainistíocht riosca sa tionscal árachais.



An tUasal Cian O'Sullivan
Ceann Dlí agus Comhlíonta

Tá an tUasal O'Sullivan ina chomhalta de Dhlí-Chumann na hÉireann. Cháiligh sé mar atur nae sa bhliain 2001.

Tá céim Bhaitisiléara i nDlí Sibhialta agus Céim Mháistreachta i nDlí aige. Chomh maith leis sin, tá dioplómaí iarchéime aige ar bhronn Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Cánachais na hÉireann agus an Cumann Árachas Saoil iad. Bhí sé ina chigire le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim sular ceapadh é mar Cheann Dlí agus Comhlíonta. D'oibrigh sé roimhe sin i gcúrsaí dlí agus comhlíonta i gcuideachta mhór árachais agus i ngnólacht mhór dlí.



An tUasal Derek Donohoe
Leas-Rialálaí an Chrannchuir
Náisiúnta/Ceann
Iniúcháireachta agus Airgeadais

Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann is ea an tUasal Donohoe

agus tá Dioplóma i gCuntasaíocht Fhóirínseach aige. Tá níos mó ná 30 bliain caite aige i róil ag déileáil le cúrsaí cuntasaíochta agus iniúcháireachta. Tá sé ina iar-chomhpháirtí i bpríomhchleachtadh cuntasaíochta in Éirinn. Tá taithí fhairsing aige ar réimsí amháil iniúcháireacht, tuairiscíú airgeadais, cuntasaíocht fhóirínseach, rialachas corparáideach, comhlíonadh agus athbhreithnithe díchill chúí. Chaith sé roinnt mhaith blianta ag soláthar seirbhísí iniúcháireachta agus comhlíonta do phunann eintiteas rialáilte san earnáil airgeadais.



Siobhan Phillips Uasal
Ceann Cosaint Imreoirí agus
Taighde

Tá Siobhan Phillips ina Síceolaí Cláraithe le Cumann Síceolaithe Éireann agus tá céimeanna M.Sc.,

H.Dip agus BA (onóracha) i Síceolaíocht aici. Sula ndeachaigh Siobhan isteach i bhfoireann Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, bhí sí ar an gCeann Bonneagair Thaighde agus Meastóireachta i bhFondúireacht Eolaíochta na hEorpa. Tá sí ag obair go gairmiúil le fada i dtaighde agus meastóireacht beartais phoiblí mar chomhairleoir agus mar speisialtóir meastóireachta. Tá roinnt mhaith tuarascálacha foilsithe aici in Éirinn agus ar leibhéal idirnáisiúnta freisin. Bhí sí ar Cheann an Aonaid Mheastóireachta Tionscail um Chistí Struchtúracha AE sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar feadh roinnt blianta agus bhí sí ina Meastóir Clár do Chiste Sóisialta na hEorpa freisin.



Suzanne Lambe Uasal
Bainisteoir Gnóthaí
Corparáideacha

Tá Suzanne Lambe ina comhalta de Chuntasóirí Deimhnithe Poiblí Éireann agus tá Teastas Iarchéime i

mBainistíocht Tionscadal aici. Tá níos mó ná 10 mbliana caite aici ag déileáil le cúrsaí airgeadais, cuntasaíochta agus iniúcháireachta san earnáil phoiblí. Sula ndeachaigh sí isteach i bhfoireann Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, bhí Suzanne ar an Oifigeach Airgeadais leis an gComhairle Mhúinteoireachta, an comhlacht rialála do mhúinteoirí. Bhí roinnt post aici roimhe sin in airgeadas, cuntasaíocht agus riarachán san earnáil phríobháideach.



An tUasal David Scott
Cuntasóir

Tá an tUasal Scott ina chomhalta den Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasaíocht agus tá céim B.Sc. i Matamaitic aige. Tá níos mó ná

20 bliain caite aige i róil airgeadais, chuntasaíochta agus iniúcháireachta. Sula ndeachaigh sé isteach i bhfoireann Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, bhí David ina Bhainisteoir Airgeadais agus Riaracháin leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ar ról é inar rialáil sé eintitis a fhaigheann cistiú deontais. Roimhe sin fós, bhí poist aige san earnáil oideachais tríú leibhéal agus san earnáil rialtais áitiúil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

1.3 Feidhmeanna an Rialálaí

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le hOrdú ón Aire an 27 Feabhra 2014 lenar tugadh éifeacht don Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 (“an tAcht”). Cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Rialálaí agus chuaigh sé i mbun oibre an 17 Samhain 2014.

Leagtar feidhmeanna an Rialálaí amach san Acht agus áirítear na nithe seo a leanas leo:

- ▶ A chur faoi deara go réachtálfar an Crannchur Náisiúnta
- ▶ Maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Chrannchuir Náisiúnta agus faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais
- ▶ Ábhair áirithe a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a bhreithniú lena gceadú (lena n-áirítear scéimeanna le haghaidh cluichí Crannchuir Náisiúnta)
- ▶ Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú
- ▶ Cearta forfheidhmiúcháin aon trádmharc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú

Féach an tAcht chun lánsonraí a fháil.

Tá ceangal ar an Rialálaí na feidhmeanna sin a dhéanamh ar cibé slí is mó is dóigh leis nó léi a chinnteoidh –

- a) go réachtálfar an Crannchur Náisiúnta leis an gcuibheas uile is cuí,
- b) go ndéanfar leasanna rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta a chosaint,
- c) go ndéanfar inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint, agus
- d) faoi réir a) go c), a chinntiú go mbeidh na hioncaim arna leithroinnt ar an Lárchiste chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht (“cúiseanna maithe”) chomh mór agus is féidir faoi réir théarmaí an cheadúnais.

Beidh an Rialálaí, faoi réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Ceadúnas a Fhoilsiú maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a Oibriú

Foráiltear le halt 28 den Acht go ndéanfaidh an Rialálaí mionsonraí Ceadúnais nó Cód Cleachtais arna dhéanamh faoi a fhoilsiú, cé nach bhfoilseoidh an Rialálaí aon sonraí a meastar gur sonraí iad atá íogair ó thaobh na tráchtála de, mura rud é gur mheas an Rialálaí go bhfuil iallach air nó uirthi déanamh amhlaidh mar gheall ar leas poiblí sáraitheach. I gcás go raibh sé beartaithe ag an Rialálaí sonraí a fhoilsiú a meastar gur sonraí iad atá íogair ó thaobh na tráchtála de, bhí ceangal air dul i ndáil chomhairle leis an Oibritheoir sula bhfoilseofaí iad.

Mheas an Rialálaí go raibh faisnéis a bhí íogair ó thaobh na tráchtála de sa Cheadúnas agus, le linn na bliana 2015, chuaigh sé i ndáil chomhairle leis an Oibritheoir sula bhfoilseofaí í. Rinne an Rialálaí breithniú cúramach ar na haighneachtaí a ndearna an tOibritheoir iad.

D’fhoilsigh an Rialálaí sonraí faoin gCeadúnas ar a shuíomh Gréasáin an 17 Feabhra 2016, faoi réir roinnt bheag atheagruithe.

1.3.1 Maoirseacht ar an Oibritheoir

Foráiltear le halt 9(4) den Acht go ndéanfaidh an Rialálaí faireachán agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais ag an Oibritheoir.

Déanann an Rialálaí faireachán ar ghníomhaíochtaí an Oibritheora de réir a chuspóirí reachtúla chun a chinntiú go réachtálfar an Crannchuir Náisiúnta leis an gcuibheas uile is cuí; go ndéanfar leasanna rannpháirtithe a chosaint; go ndéanfar inchothaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint; agus, faoi réir na nithe sin roimhe seo, go n-uasmhéadófar an sochar do chúiseanna maithe. Áirítear na nithe seo a leanas leis an maoirseacht sin:

- ▶ Rochtain leanúnach ar chórais ghnó an Oibritheora agus anailís a dhéanamh ar na sonraí atá iontu.
- ▶ Maoirseacht ar phróisis agus rialuithe arna gcur i bhfeidhm ag an Oibritheoir.
- ▶ Tuarascálacha agus tuairisceáin a fháil ón Oibritheoir agus breithniú a dhéanamh orthu.
- ▶ Cruinnithe rialta leis an Oibritheoir.
- ▶ Anuas air sin, déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta athbhreithnithe agus imscrúduithe ad hoc agus eisiúnn sí iarrataí ar thuarascálacha nó ar fhaisnéis i dtaca le nithe áirithe.

Ina theannta sin, rinne an Rialálaí athbhreithnithe ar oibríochtaí, rialachas agus rialuithe an Oibritheora agus rinne sé maoirseacht ar chur chun feidhme feabhsuithe ag an Oibritheoir i dtaca leo seo, i measc nithe eile: bainistíocht riosca, iniúcháireacht inmheánach agus rialachas teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

Bristeacha Teicneolaíocht Faisnéise

Go mall i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2015, b'ann do roinnt bristeacha móra i líonra miondíola an Oibritheora. Tharla an briseadh is mó an 4 Feabhra 2015 nuair a bhíodhas ag cur isteach ar an gcuid is mó den líonra miondíola ar feadh roinnt uaireanta. Mar gheall ar an mbriseadh, chinn an tOibritheoir an tarraingt do Chrannchuir an oíche sin a chur siar chuig an gcéad lá eile, de réir rialacha an chluiche.

Fuair an Rialálaí tuarascálacha ón Oibritheoir agus chuaigh sé i dteagmháil dhlúth leis maidir le feabhas a chur ar a chórais teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus lena chreat rialachais agus rialaithe. Is gá don Oibritheoir próiseas athbhreithnithe agus feabhsúcháin leanúnaigh a chur i bhfeidhm maidir leis na córais sin agus tá an Rialálaí ag leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil dhlúth leis an Oibritheoir ina leith sin. Bhí teirminéil mhiondíola ar fáil chun ticéid a dhíol ar feadh 99.65% d'uaireanta díola san iomlán sa bhliain 2015.

Lotto 6 / 47

I mí Mheán Fómhair 2015, thug an tOibritheoir athruithe isteach don chluiche Lotto agus don chluiche Lotto Plus. Áiríodh leis na hathruithe sin an praghas a mhéadú ó €1.50 sa líne go €2 sa líne don chluiche Lotto agus an líon liathróidí sa tarraingt a mhéadú ó 45 cinn go 47 gcinn. Cé gurb é an tOibritheoir a chinnfidh an praghas de réir an Achta um Chrannchuir Náisiúnta, bhí roinnt ceaduithe Rialálaí i gceist leis an gcluiche, lena áiríodh ceaduithe i dtaca le próisis, le tástáil an trealamh tharraingthe agus le hathruithe ar rialacha an chluiche.

Sna míonna roimh an athrú sin, bhí an Rialálaí i dteagmháil leis an Oibritheoir chun a chinntiú go raibh dearbhú leordhóthanach ann go gcuirfí an iomad córas agus athrú próisis a bhí ag teacht aníos i leith an chluiche shuaitheanta sin i bhfeidhm de réir an Achta agus an Cheadúnais.

Gníomhaíocht Tráchtála an Oibritheora

Thuairiscigh an tOibritheoir gur imir 1.4 milliún duine cluichí Crannchuir ar bhonn rialta sa bhliain 2015. B'ionann é sin agus níos mó ná 40% den daonra aosach.

B'ionann an díolachán ticéid don bhliain 2015 agus €670.4 milliún (2014: €687 milliún). B'fhiú €482.5 milliún an díolachán le haghaidh cluichí tarraingt bhunaithe agus b'fhiú €187.9 milliún an díolachán scríobcháirtaí.

Mhéadaigh an cainéal miondíola faoi 8% sa bhliain go 4,000 aonad.

Bhí roinnt forbairtí cluiche ann sa bhliain freisin. Tugadh 17 gcluiche nua crannchuir isteach. Áiríodh leo tabhairt isteach an chluiche nua Lotto (6/47), athsheoladh na gCluichí Bua Mheandraigh ar líne agus fillleadh an Christmas Millionaire Raffle.

An Creat um Chosaint Imreoirí

Ceann amháin de chuspóirí an Rialálaí faoin Acht is ea a chinntiú go ndéanfar leasanna na rannpháirtithe sa Chrannchuir Náisiúnta a chosaint. Maidir leis an gcuspóir sin, díríonn an Rialálaí ar na bearta atá á ndéanamh ag an Oibritheoir chun imirt fhabhtach a chosc.

Cé go n-aithníonn an Rialálaí gur ar mhaithe le spraoi a ghlacann daoine páirt i ngníomhaíochtaí Crannchuir, tá grúpaí nó daoine aonair áirithe leochaileach nó so-ghabhálach i leith imirt fhabhtach. Aithníonn an Rialálaí gurb ann do ghnéithe de chluichí, de phatrúin imeartha agus den timpeallacht chearrbhachais a fhéadann rioscaí d'imreoirí a mhéadú, go háirithe i gcás grúpaí áirithe imreoirí.

Aidhm thábhachtach atá ag cosaint imreoirí is ea imirt fhabhtach a chosc ach faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na gnéithe struchtúracha de chluichí agus den timpeallacht chearrbhachais don mhórphobal imreoirí. Tá díriú ar leith ann ar na nithe seo, áfach:

- ▶ Daoine atá faoi aois: chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta, is é an sainmhíniú ar 'faoi aois' ná faoi bhun 18 mbliana d'aois; agus
- ▶ Imreoirí leochaileacha: is é an sainmhíniú ar 'imreoirí leochaileacha' ná imreoirí ag a bhfuil so-ghabháltacht i leith imirt iomarcach nó fhabhtach.

Cuspóir amháin atá ag an Rialálaí is ea a chinntiú go gcloíonn an tOibritheoir le cleachtais fhreagracha chearrbhachais; gur trédhearcach agus inrochtana atá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil agus nach faisnéis mhíthreorach í; agus nach bhfágfar imreoirí gan chosaint, bíodh sé d'aon ghnó nó de thimpiste, ar nósanna imeachta ar dóigh dóibh imirt faoi aois nó imirt fhabhtach a chruthú.

Tugtar faoi imirt fhabhtach a chosc trí athbhreithnithe a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar na timpeallachtaí díolacháin / imeartha le hais fhorálacha an Achta, an Cheadúnais agus na gCód Cleachtais arna gceadú ag an Rialálaí agus trí thaighde agus sainaitheint a dhéanamh ar phróisis agus ar chleachtais a léiríonn éifeachtacht ó thaobh riosca a chosc nó a íoslaghdú.

Bronnadh Deimhniú Cearrbhachais Fhreagraigh ar an Oibritheoir de réir na gCaighdeán Eorpach um Chearrbhachas Freagrach de chuid an European Lotteries and Toto Association. Áirítear leo caighdeáin i dtaca le cosaint imreoirí maidir leis na nithe seo a leanas:

- ▶ Taighde,
- ▶ Oiliúint d'fhostaithe,
- ▶ Cláir do ghníomhairí díolacháin,
- ▶ Dearadh cluiche,
- ▶ Cainéil chearrbhachais iargúlta,
- ▶ Fógraíocht agus margaíocht,
- ▶ Atreorú cóireála,
- ▶ Oideachas d'imreoirí,
- ▶ Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara,
- ▶ Tuairisciú, tomhas agus deimhniú

Ina theannta sin, éilítear ceadú an Rialálaí le haghaidh cluichí nua, cóid chleachtais agus aon mhodhnuithe agus tugtar faoi imirt fhadhbach a chosc freisin trí dhiananailís a dhéanamh ar na hiarrataí sin ar cheadú. Pléitear an fheidhm sin tuilleadh i Rannán 1.3.2 den Tuarascáil seo.

Rialuithe le haghaidh Imirt ar Líne

Sa bhliain 2015, bhain imirt ar líne go príomha le ticéid a cheannach le haghaidh cluichí tarraingtbnaithe. Is ticéid iad atá ar fáil trí mhiondóltóirí freisin. Tugadh Cluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh ar líne ar ais an 18 Samhain 2015.

Leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas na rialuithe atá le cur i bhfeidhm le haghaidh imirt ar líne, lena n-áirítear:

- ▶ Clárú
- ▶ Seiceálacha randamacha céannachta agus aoise
- ▶ Íoc na nduaiseanna móra a bheith ag brath ar chruthúnas aoise agus céannachta
- ▶ Duaiseanna móra a íoc le seic
- ▶ Teorainn leis an iarmhéid cuntais ar líne
- ▶ Teorainneacha le caiteachas

I dteannta bhaint amach na gcaighdeán dá dtagraítear thuas, tacaíonn na rialuithe sin le himirt fhabhtach agus faoi aois a chosc.

Maidir le himirt faoi aois, fágann na rialuithe atá i bhfeidhm nach mbeidh mionaoisigh in ann clárú má thugann siad a n-aois fhíor. D'fhéadfadh mionaoisigh clárú ach aois bhréagach a úsáid (de shárú ar rialacha an chluiche) agus imirt ar líne ach ní bheidís in ann a n-aois a chruthú d'fhonn duais mhór a éileamh agus táthar ag súil go gcuirfeadh sé sin ina luí orthu gan an cur chuige sin a ghlacadh. Tá sé tugtha faoi deara nár aimsíodh aon fhianaise sna seiceálacha aoise a ndearna an tOibríteoir iad sa bhliain 2015 go raibh mionaoisigh cláraithe chun imirt ar líne (1,362 sheiceáil, níor aithníodh aon imreoir faoi aois).

Aontaíonn an Rialálaí leis an mbéim atá san Acht agus sa Cheadúnas maidir le rialuithe ar imirt faoi aois. Tugann an Rialálaí dá aire go háirithe na forálacha san Acht ina ndéantar cion de thicéad Crannchuir Náisiúnta a dhíol le mionaoiseach agus an fhoráil gurb amhlaidh in ionchúiseamh i leith cion den sórt sin gur cosaint é don díoltóir a shuíomh go ndearna sé nó sí "gach beart réasúnach chun aois an duine a cheannaigh an ticéad a fhíorú". Dá réir sin, tá dualgas ar an Oibríteoir a chinntiú nach bhfuil sé ag díol ticéid chrannchuir le mionaoisigh / go bhfuil gach beart réasúnach á ndéanamh aige chun a fhíorú gur 18 mbliana d'aois nó os a chionn atá na daoine atá ag ceannach ticéid chrannchuir.

De bhreis ar na rialuithe a leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas, thug an tOibríteoir córas isteach trína n-idirghníomhaíonn an tOibríteoir le himreoir, i gcás ina n-aithníonn an tOibríteoir patrúin ghníomhaíochta a d'fhéadfadh imirt fhabhtach a léiriú, d'fhonn eolas a thabhairt dó faoi na tacaí atá ar fáil, lena n-áirítear na saoráidí atá in ann chun teorainneacha caiteachais a shocrú, féin-eisiamh agus rochtain ar sheirbhísí ó GambleAware. Tugann an tOibríteoir tuairisc rialta don Rialálaí ar an gcóras sin.

Déanann an Rialálaí athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na rialuithe ar imirt ar líne. Déanann sé amhlaidh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta agus ar éifeachtacht.

Tugann an Rialálaí aird ar na rialuithe le haghaidh imirt ar líne agus é ag breithniú iarratas ar cheadú le haghaidh scéimeanna do chluichí crannchuir a imrítear ar líne.

Gearáin ó Imreoirí

Is féidir gearáin faoin gCrannchuir Náisiúnta a dhéanamh le hOibríteoir an Chrannchuir Náisiúnta. Is féidir sonraí faoi phróiseas gearáin an Oibríteora a fháil sa Chód Cleachtais do Rannpháirtithe. Tá an cód cleachtais ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí agus ón Oibríteoir.

Féadfaidh duine ar bith ar mian leis déanamh amhlaidh gearán a dhéanamh leis an Rialálaí freisin. Breithneoidh an Rialálaí an gearán ó thaobh na rialála de agus breithneoidh sé cé acu a rinneadh sárú ar an Acht nó ar an gCeadúnas nó nach ndearnadh.

1.3.2 Ceaduithe Rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas

Tá ceangal ar an tOibritheoir ceadú nó toiliú i scríbhinn a fháil ón Rialálaí de réir an Achta um Chrannchuir Náisiúnta nó an Cheadúnais le haghaidh raon gníomhaíochtaí a dhéanamh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- ▶ Scéimeanna nua nó leasaithe le haghaidh cluichí crannchuir.
- ▶ Soláthraithe seirbhíse nua.
- ▶ Scéimeanna le haghaidh tástáil a dhéanamh ar an trealamh atá le húsáid i dtarraingtí don Chrannchuir Náisiúnta agus daoine atá cáilithe chun na trialacha a dhéanamh
- ▶ Líne tuairiscithe iniúchóireachta inmheánaí
- ▶ Cur síos incheadaithe ar phróisis agus ar chórais
- ▶ Athruithe ar Chóid Chleachtais, lena n-áirítear:
 - An Cód Cleachtais do Rannpháirtithe
 - An Cód Cleachtais Díolacháin
 - An Cód Cleachtais Fógraíochta agus Cur Chun Cinn
 - An Cód Cleachtais um Fhostaithe a Ghrinnfhiosrú

Sa bhliain 2015, rinne an tOibritheoir 30 iarraidh ar cheadú nó ar thoiliú. Bhreithnigh an Rialálaí iad de réir an Achta agus an Cheadúnais agus, i gcás 27 iarraidh, d'iarr an Rialálaí tuilleadh faisnéise agus/nó roghnaigh an tOibritheoir iarrataí leasaithe ar cheadú a dhéanamh.

Ar deireadh thiar, chuir an Rialálaí ceadú nó toiliú ar fáil i dtaca le 26 aighneacht a fuarthas ón Oibritheoir. Bhain 17 gcinn díobh le scéimeanna le haghaidh cluichí Crannchuir Náisiúnta.

Cluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh

I mí na Samhna 2015, thug an tOibritheoir na chéad Chluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh faoin gCeadúnas isteach. Is cluichí iad sin a imrítear ar líne agus lena mbaineann roinnt idirghníomhaíochta idir an córas agus an t-imreoir, cé gur cluiche seans atá ann fós agus nach bhfuil tionchar ar bith ag gníomhartha an imreora ar an toradh.

De bharr, inter alia, chineál idirghníomhach na gcluichí sin, is féidir go bhfuil rioscaí breise ag baint leo ó thaobh cosaint imreoirí de. Mar sin féin, is féidir na rioscaí breise sin a chothromú trí chreat rialaithe a bhunú d'fhonn an riosca d'imreoirí a laghdú. Éilítear creat rialaithe den sórt sin faoi Sceideal 9 den Cheadúnas.

De bhreis ar na rialuithe sin agus roimh thabhairt isteach na gCluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh faoin gCeadúnas nua, d'oibrigh an Rialálaí leis an Oibritheoir ar chóras a thabhairt isteach trína ndéanfadh an tOibritheoir faireachán ar an ngníomhaíocht imeartha. I gcás ina n-aithníonn an tOibritheoir patrúin ghníomhaíochta a d'fhéadfadh imirt fhabhtach a léiriú, idirghníomhaíonn sé leis an imreoir d'fhonn eolas a thabhairt dó faoi na tacaí atá ar fáil. Tugann an tOibritheoir tuairisc rialta don Rialálaí ar an gcóras sin. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras chun bealaí a d'fhéadfaí feabhas a chur air a shainaitheint.

1.3.3 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (an “Ciste”) faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, agus leantar leis faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 (“an tAcht”). Is é an Rialálaí a dhéanann an Ciste a bhainistiú agus a rialú de réir an Achta agus an Cheadúnais.

De réir an Cheadúnais, is é atá sa Chiste ná cuntas singil a choinnítear le Banc Ceannais na hÉireann.

Faoi théarmaí an Cheadúnais a deonaíodh don Oibritheoir, is ar bhonn seachtainiúil:

- 1) a thaisceann an tOibritheoir sa Chiste suim iomlán an díolacháin ticéid, glan ó choimisiúin mhiondíoltóirí agus ó dhuaiseanna beaga arna n-foc ag miondíoltóirí,
- (2) a aistríonn an Rialálaí suim i leith duaiseanna, seachas suimeanna i leith duaiseanna beaga, don tseachtain ón gCiste chuig an Oibritheoir,
- (3) a choimeádann an Rialálaí sa Chiste an tsuim i leith cúiseanna maithe, arna ríomh de réir an Achta agus an Cheadúnais, agus aistríonn sé na suimeanna sin chuig Lárchiste an Stáitchiste ar bhonn tréimhsiúil arna chomhaontú leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
- (4) a dhéanann an Rialálaí an tsuim atá dlite i leith thobhach an Rialálaí a choimeád sa Chiste agus a aistriú, de réir an Tobhaigh Bhliantúil don Rialálaí faoin Acht agus faoin gCeadúnas,
- (5) a aistríonn an Rialálaí an tsuim atá fágtha i leith na seachtaine chuig an Oibritheoir de réir an Achta agus an Cheadúnais.

Déanann an Rialálaí athbhreithniú ar an bhfaisnéis socraithe sheachtainiúil a chuireann an tOibritheoir ar fáil agus déanann sé athbhreithniú freisin ar aschuir ó chóras cearrbhachais an Oibritheora lena dtaifeadtar díolachán gach táirge Crannchuir Náisiúnta.

Réitítear an Ciste gach seachtain. Déantar cuntais bhainistíochta mhíosúla an Chiste a ullmhú. Déanann Coiste Airgeadais an Rialálaí, a chuimsíonn comhairleoir seachtrach, athbhreithniú ar na cuntais sin. Déantar ráitis airgeadais bhliantúla i riocht Ráiteas ar Fháiltais agus Íocaíochtaí a ullmhú. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin.

Tá nósanna imeachta foirmiúla agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag an Rialálaí le haghaidh bhainistiú agus rialú an Chiste agus na n-aistrithe suimeanna isteach sa Chuntas agus amach as. Cuirtear an córas rialuithe inmheánacha sin a n-úsáideann an Rialálaí é faoi athbhreithniú bliantúil ag comhairleoirí iniúcháireachta inmheánaí a bhfostaíonn an Rialálaí iad chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta le haghaidh bhainistiú agus rialú an Chiste.

Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist

Sa bhliain 2015, lean na costais ar thabhaigh Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist iad i dtaca le hoibriú an Chrannchuir Náisiúnta faoin gCeadúnas Crannchuir Náisiúnta roimhe de bheith dlite. Fuair agus d’athbhreithnigh an Rialálaí iarrataí ar íocaíochtaí ó Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist a bhain leis na costais sin agus rinneadh íocaíochtaí ón gCiste de réir an Cheadúnais roimhe.

Cistí le haghaidh Cúiseanna Maithe

Sa bhliain 2015, aistríodh €193.3 milliún ón gCiste chuig an Stáitchiste i leith Cúiseanna Maithe. Ba é €178.0 milliún an figiúr sa bhliain 2014. Bhí an figiúr do 2014 ní b’isle mar gheall ar chúiseanna teicniúla agus uainiúcháin a bhain leis an aistriú chuig an gCeadúnas nua sa bhliain.

Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D’ullmhaigh an Rialálaí Cuntais Bhliantúla an Chiste agus cuireadh iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh de réir alt 44 den Acht. Rinneadh na cuntais sin a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i Rannán 3 den doiciméad seo.

1.3.4 Forfheidhmiú Trádmharcanna

Foráiltear leis an gCeadúnas agus leis an Acht gur don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dhílsítear an cáilmheas a ghabhann leis an gCrannchur Náisiúnta, lena n-áirítear na cóipchearta agus na trádmharcanna ar fad. Feidhmíonn an Rialálaí gach ceart den sórt sin a dhílsítear don Aire i dtaca le Trádmharcanna agus Cóipchearta.

Sna forálacha a bhaineann le trádmharcanna agus le cóipchearta a leagtar amach i gClásal 7 den Cheadúnas, tugtar mionsonraí faoi ról an Rialálaí agus an Oibritheora sa réimse sin, lena n-áirítear na ceanglais ar an Oibritheoir lógó an Chrannchuir Náisiúnta a thaispeáint ar thicéid, ar dhoiciméid agus ar threalamh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta.

Rinne an Rialálaí faireachán i rith na bliana 2015 ar ghníomhaíocht an Oibritheora ina leith sin agus i leith úsáid thrádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta. Níor tháinig aon cheanglas chun cinn sa bhliain 2015 chun cearta thrádmharc an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú.

1.4 Gnóthaí Corparáideacha

1.4.1 Bunú

Ceapadh an tUasal Liam Sloyan chuig ról Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an 17 Samhain 2014. Bhí sé ar an gcéad Rialálaí dá leithéid riamh. An próiseas um Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a chur ar bun, rud a tosaíodh le ceapadh an Rialálaí, cuireadh i gcrích é sa bhliain 2015. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an bpróiseas sin:

- ▶ Straitéis a chinneadh
- ▶ Creat rialachais agus rialaithe a bhunú
- ▶ Baill foirne a earcú
- ▶ Cóiríocht agus trealamh a fháil
- ▶ Soláthraithe seirbhíse a fháil

Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cabhair ar fáil don Rialálaí sna míonna tosaigh den bhliain 2015, tréimhse a rabhtas ag bunú na gcóras agus na bpróiseas riachtanach lena linn.

1.4.2 Straitéis

Chun ról Rialálaí neamhspleách an Chrannchuir Náisiúnta a chomhlíonadh, d'fhorbair an Rialálaí straitéis, lena n-áirítear fíis, misean agus luachanna, ina léirítear a chuid feidhmeanna agus cuspóirí faoin Acht.

Fíis an Rialálaí

Is é fíis an Rialálaí ná Crannchur Náisiúnta a chothú atá sábháilte, inchothaithe agus dea-reáchtáilte agus a uasmhéadaíonn cistí le haghaidh cúiseanna maithe.

Misean an Rialálaí

Is é misean an Rialálaí a fhís a bhaint amach trí na nithe seo a dhéanamh:

- ▶ Oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú de réir mar is gá
- ▶ Tograí ón Oibrítheoir a bhreithniú agus iad a cheadú de réir mar is cuí
- ▶ Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú
- ▶ Cearta forfheidhmiúcháin thrádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú
- ▶ A chinntiú go nglactar an dea-chleachtas rialachais i mbainistíocht agus rialachas na hOifige

Luachanna an Rialálaí

Ghlac an Rialálaí luachanna le haghaidh Oifig an Rialálaí, agus cuirfidh an Oifig na luachanna sin i bhfeidhm ina cuid gníomhaíochtaí. Is é atá sna luachanna sin ná:

- ▶ Neamhspleáchas a chothabháil
- ▶ A bheith neamhchlaonta agus macánta i gcónaí
- ▶ Oibriú ar bhealach éifeachtach gairmiúil
- ▶ Ár ndúshláin ar leith a shárú agus nuálaíocht a choinneáil inár gcur chuige
- ▶ Trédhearcacht a chothabháil inár gcuid oibre
- ▶ Meas a bheith againn ar ár gcuid fostaithe

1.4.3 Rialachas Corparáideach

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Corparáideach

Tá Cód Cleachtais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe ar an “gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009” arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuashonrófar Cód Cleachtais an Rialálaí ar aon dul leis an “gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016”.

1.4.4 Acmhainní agus Soláthar Foirne

Cistiú

Cistítear oibríochtaí an Rialálaí trí thobhach a ghearrtar ar an Oibritheoir de réir alt 24 den Acht. B’ionann an tobhach do 2015 agus €1,500,000. Ina dhiaidh sin, innéacsáítear é gach bliain ar aon dul leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

Líon Foirne

Fuair an Rialálaí cead le haghaidh deichniúr ball foirne (an Rialálaí ar áireamh). Bhí seacht bpost líonta ag deireadh na bliana 2015.

1.4.5 Soláthar

Cóiríocht agus Trealamh

Rinne an Rialálaí cuardach cóiríochta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá an chóiríocht a measadh a bheith ar an gcóiríocht is oiriúnaí suite i mBloc D in Ionad Irish Life i Sráid na Mainistreach. Tá sí ar léas ag an Roinn Sláinte go dtí an bhliain 2023. Bhí an chóiríocht ar fáil ón 1 Feabhra 2015 agus bhí sí i ndea-riocht oibre, rud a chuir ar chumas an Rialálaí bogadh isteach lom láithreach ar an dáta sin. Go dtí an 1 Feabhra 2015, chuir an Roinn Sláinte cóiríocht ar fáil don Rialálaí ina hoifigí féin.

Le linn an oifig a fheistiú, baineadh coigiltí suntasacha amach trí throsacán barrachais a fháil saor in aisce ó chomhlachtaí eile stáit.

Seirbhísí

Sheol an Rialálaí próisis soláthair oscailte chun seirbhísí a fháil i dtaca le comhairle dlí, cuntasáíocht agus iniúcháireacht, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise.

1.4.6 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh Cuntais Bhliantúla an Rialálaí don bhliain 2015 agus cuireadh iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Rinneadh na Cuntais seo a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i Rannán 2 den doiciméad seo.

1.4.7 Ceanglais Reachtacha

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an Rialálaí an reachtaíocht um Theangacha Oifigiúla.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an Rialálaí faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015.

Fuair an Oifig cúig iarraidh saoráil faisnéise sa bhliain 2015. Tá sonraí faoi na hiarrataí foilsithe i Loga Nochta Saoráil Faisnéise an Rialálaí ar www.rnl.ie.

Maoirseacht Pharlaiminteach

Tháinig an Rialálaí os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú an 11 Márta 2015 chun plé a dhéanamh ar oibríochtaí agus feidhmiú an Chrannchuir Náisiúnta, lena áiríodh na deacrachtaí teicniúla a bhí ann um an dtaca sin. Tá an láithreoireacht a thug an Rialálaí don Choiste foilsithe ar www.rnl.ie.

Ídiú Fuinnimh

Tá oifig amháin ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Tá sí lonnaithe in Ionad Irish Life. Tá an oifig sin lonnaithe ar urlár amháin d'fhoirgneamh oifige iláitíochta. Ní mó ná 1,000 méadar cearnach an t-achar urláir i gcás ina bhfuil Teastas Fuinnimh Taispeána ag teastáil.

Tugann an Rialálaí tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar fheidhmíocht fuinnimh faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009.

Sa bhliain 2015, d'úsáid Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta 25.74 MWh d'fhuinneamh, dá raibh:

- ▶ 7.87 MWh de leictreachas agus
- ▶ 17.87 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh)

Gníomhartha a rinneadh in 2015:

- ▶ Oibríodh Teicneolaíocht Faisnéise agus trealamh eile go freagrach ó thaobh ídiú fuinnimh de.
- ▶ Fuarthas trealamh oifige ar bhonn na rátála fuinnimh is fearr ar fáil ar an bpraghas is ísle.

Gníomhartha atá beartaithe do 2016:

- ▶ Déanfar úsáid mhéadaithe as comhfhreagrachas digiteach a chur chun cinn.
- ▶ Leanfar le hídiú freagrach fuinnimh a chur chun cinn.

Aguisín: Feidhmíocht vs Caighdeán Feidhmíochta an PLI

Baineadh an fhaisnéis seo a leanas as Tuarascáil a chuir an tOibríteoir ar fáil don Rialálaí.

An Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2015	Caighdeán	Feidhmíocht a Baineadh Amach	Réamhaisnéis do 2016
Córais Ríomhaireachta			
Infhaighteacht na dteirminéal chun ticéid a dhíol*	Infhaighteacht 99%	99.65%	99.5%
Infhaighteacht an chórais chearrbhachais	Infhaighteacht 99%	100%	99.5%
nfhaighteacht an tsuímh Gréasáin	Infhaighteacht 99%	99.94%	99.5%
Íocaíocht Duaiseanna			
Éilimh ba mhó ná €1,000 íochta le seic tar éis cuairt ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta	95% laistigh de 3 huairé 5% laistigh de 20 lá oibre	100%**	98% 2%
Éilimh ba mhó ná €1,000 íochta le seic tar éis éileamh sa phost	95% laistigh de 5 lá 5% laistigh de 20 lá	100%	98% 2%

* 7am go 10pm, seachas le linn shos na tarraingthe, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus bristeacha réamhshocráithe a áireamh.

** Íocadh 100% d'éilimh ar an lá a rinneadh an t-éileamh. Níor taifeadadh am iarbhir na híocaíochta i gcórais go dtí an 1 Eanáir 2016.

An Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2015	Caighdeán	Feidhmíocht a Baineadh Amach	Réamhaisnéis do 2016
Seirbhísí d'Imreoirí – Teagmháil Ghutha			
Infhaighteacht seirbhíse*	Infhaighteacht 99%	100%	100%
Freagra tugtha ar ghlaonna laistigh de 30 soicind	70%	90.15%	90%
Seirbhísí d'Imreoirí – Teagmháil Scríofa			
Infhaighteacht seirbhíse**	Infhaighteacht 99%	100%	100%
Freagra tugtha ar litreacha laistigh de 5 lá oibre	80%	80%	80%
Freagra tugtha ar ríomhphoist laistigh de 2 lá oibre	80%	95.7%	95%
Freagra tugtha ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre	95%	100%	95%
Gearáin agus fiosruithe tugtha chun réitigh ar an gcéad iarracht	80%	98.94%	95%

* 8am go 8pm, 7 lá sa tseachtain, gan Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá Nollag Beag a áireamh

** 9.15am go 5.30pm ó Luan go hAoine, gan Oíche Nollag agus laethanta saoire poiblí a áireamh.

Ráiteas Faoi Rialú Inmheánach Ráitis airgeadais 2015

Faisnéis Ghinearálta

Rialálaí an Chranchnuir Náisiúnta

Liam Sloyan

SeoladhBlock D
Ionad Irish Life
Baile Átha Cliath 1**Baincéirí**AIB plc.
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2**Aturnaetha**Mason Hayes & Curran
Teach an Bhruaigh Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4Byrne Wallace
87/88 Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2**Iniúcháirí**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus cúlchistí coinneithe ioncaim, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Rialálaí

Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- ▶ cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Rialálaí, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- ▶ cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil an Rialálaí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhíríteas ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- ▶ go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2015; agus
- ▶ gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Rialálaí chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- ▶ gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- ▶ nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil an Rialálaí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- ▶ nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Rialálaí an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶ go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Nollaig 2016

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Aithním an fhreagracht atá ormsa as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Timpeallacht rialaithe

Rinne an Rialálaí na bearta seo a leanas chun timpeallacht chúil rialaithe a áirithiú:

D'fhostaigh an Rialálaí gnólacht seachtrach cuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus faireachán a dhéanamh orthu don Rialálaí agus chun meicníocht mhíosúil taifeadta agus tuairiscithe airgeadais a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta, buiséid san áireamh. Chuir an Rialálaí córas cuntasaíochta bogearraí ríomhaire i bhfeidhm chun taifeadadh agus réiteach na n-idirbheart uile a éascú agus chun rian iomlán iniúchta a chur ar fáil maidir leis na hidirbhearta a phróiseáiltear. Tar éis dheireadh na bliana, tugann baill chuícháilithe foirne de chuid an Rialálaí faoi thaifeadadh agus tuairisciú airgeadais, agus déanann gnólacht seachtrach cuntasaíochta faireachán ar an obair sin. Is faoin Rialálaí atá sé cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas.


Chuir an Rialálaí próisis ar bun chun rioscaí gnó a shainathint agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an Rialálaí a shainathint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta; agus
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar chumas an Rialálaí na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Ghlac an Rialálaí Cód Cleachtas maidir le Rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, rud atá bunaithe ar an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2009). Tugadh cód nua isteach le linn na bliana 2016 agus tá sé beartaithe ag an Rialálaí an cód sin a ghlacadh. Bonn eolais faoin bhfaireachán a dhéantar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair an Iniúcháir Sheachtraigh agus na tuairimí a chuireann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl ina litir chuig an lucht bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2015.

Sínte ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta



Liam Sloyan
Rialálaí

7 Nollaig 2016

Ráiteas faoi fhreagrachtaí an rialálaí

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, ar an Rialálaí ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Rialálaí freagrach as na cuntais go léir is cuí agus is gnách a n-ordóidh an tAire iad de réir alt 22 a choimeád agus an méid sin a dhéanamh i cibé foirm a cheadóidh an tAire. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rialálaí:

- ▶ Beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- ▶ A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais den sórt sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus as na ráitis airgeadais seo agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a leagan faoi bhráid an Aire, mar aon le tuarascáil an Rialálaí maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna.

Sínithe ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta



Liam Sloyan
Rialálaí

7 Nollaig 2016


Ráiteas Faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015

		An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	An tréimhse ón 17 Samhain 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014
	Nótaí	€	€
Ioncam	3	1,500,000	131,507
Costais riaracháin	4	(700,881)	(24,293)
Barrachas oibriúcháin		799,119	107,214
Ús infhaighte		-	-
Barrachas don bhliain		799,119	107,214
Tuilleamh coinnithe i dtús na bliana		107,214	-
Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana		906,333	107,214

Is sa ráiteas faoi ioncam agus caillteanas a chuirtear gach gnóthachan agus caillteanas aitheanta don bhliain reatha agus don tréimhse roimhe ar áireamh. Tagann na gnóthachain agus na caillteanais sin as oibríochtaí leantacha.

Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

7 Nollaig 2016

Ráiteas Faoin Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	7	24,260	980
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	8	1,036,835	131,507
Airgead agus coibhéisí airgid		106,540	-
		1,143,375	131,507
CREIDIÚNAITHE (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	9	(261,302)	(25,273)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		882,073	106,234
GLANSÓCMHAINNÍ		906,333	107,214
IONADAITHE AG			
Tuilleamh coinnithe carntha	11	906,333	107,214

Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta


7 Nollaig 2016

Ráiteas Faoi Shreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	An tréimhse ón 17 Samhain 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014
	Nótaí €	€
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin don bhliain	799,119	107,214
Dímheas	7 7,771	28
Méadú ar fhéichiúnaithe	(905,328)	(131,507)
Méadú ar chreidiúnaithe	236,029	25,273
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	137,591	1,008
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	7 (31,051)	(1,008)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		
Ús a fuarthas	-	-
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid	106,540	-
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais	106,540	-

Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

7 Nollaig 2016

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Rialálaí an Chranchnuir Náisiúnta iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana agus le linn na tréimhse roimhe.

(a) *Ráiteas faoi Chomhlíonadh*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (“FRS 102”) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, rud arb é an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann é.

(b) *Bonn an Ullmhúcháin*

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

(c) *Ioncam Tobhaigh*

Is ionann ioncam tobhaigh agus an tsuim is infhaighte faoin gceadúnas ag an Rialálaí ó oibritheoir an Chranchnuir Náisiúnta maidir leis an tréimhse.

(d) *Aithint Caiteachais*

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, de réir mar a thabhaítear é.

(e) *Réadmhaoin, gléasra agus trealamh*

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas, d'fhonn costas na sócmhainní a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh faoi mhodh na líne díri, ar ráta bliantúil 331/3% le haghaidh trealamh ríomhairí agus ar ráta 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta éadála.

(f) *Airgeadraí Eachtracha*

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro i rith na bliana agus cuirtear iad ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe agus cuirtear na gnóthachain agus na caillteanais a thagann chun cinn ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain.

(g) *Sochair fostaithe*

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Creidiúnaithe agus fabhruithe sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Foráiltear leis an Acht um Chranchnur Náisiúnta, 2013, go bhféadfaidh an Rialálaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coinníollacha seirbhíse na foirne a chinneadh.

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

San am i láthair, tá an Rialálaí ag bunú socruithe pinsin i leith gach fostaí i gcomhar leis an Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail. Tá na hasbhaintí sin á gcoinneáil ag an Rialálaí lena dtarchur amach anseo chuig an Roinn agus ní aithnítear mar ioncam iad dá bharr sin. Tá an Rialálaí ag déanamh soláthar do ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh ar ráta 25% i leith socruithe pinsin den sórt sin. Faoi réir na socruithe sin a thabhairt chun críche leis an Roinn, ní mheasann an Rialálaí gur dócha go mbeidh ar oifig an Rialálaí acmhainní a chuimsíonn sochair eacnamaíocha (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí fostóra) a aistriú le haghaidh sochar atá iníoctha le baill. Níltear ag súil leis go dtiocfaidh riosca achtúireach ná riosca infheistíochta aníos i gcás oifig an Rialálaí.

Mar thoradh air sin, is é an beartas cuntasaíochta i dtaca le pinsin ná caitheamh leo mar phlean ranníocaíochta sainithe de réir alt 28.13 de FRS 102. Féach nóta 10 le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil.

(h) Breithiúnais agus mheastacháin chriticiúla chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Rialálaí athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhóna agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

2. Bunú oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Tá an oifig lonnaithe i mBloc D, Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1. Tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hoifige. Ceapadh an chéad Rialálaí ar an gCrannchur Náisiúnta an 17 Samhain 2014.

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015. Baineann na suimeanna comparáideacha leis an tréimhse ón 17 Samhain 2014, dáta ceapacháin an Rialálaí, go dtí an 31 Nollaig 2014.

Tá sonraí faoi oibríochtaí an Rialálaí agus faoina phríomhghníomhaíochtaí tugtha i dTuarascáil an Rialálaí i gCuid 1.

3. Ioncam

Foráiltear le halt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, go n-íocfaidh oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta tobhach bliantúil leis an Rialálaí. Is ionann suim an tobhaigh, mar atá sonraithe sa cheadúnas leis an oibritheoir, agus €1,500,000 in aghaidh na bliana. Tá an tsuim sin faoi réir innéacsú leis an Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí.

	2015	2014
	€	€
Ioncam tobhaigh don bhliain	1,500,000	131,507

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

4. Costais Riaracháin

	2015	2014
	€	€
Tuarastail agus costais foirne (Nóta 5)	321,908	19,192
Táillí gairmiúla (Nóta 6)	164,549	2,262
Iniúcháireacht	21,980	2,500
Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil	108,235	-
Árachas	5,443	-
Taisteal agus cothú	2,106	-
Costais earcaíochta	30,998	-
Costais oiliúna agus táillí ballraíochta	8,514	-
Soláthairtí agus trealamh oifige	11,203	-
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	14,738	290
Dímheas	7,771	28
Costais riaracháin eile	3,436	21
	700,881	24,293

5. Luach Saothair an Rialálaí

Ba é €113,081 tuarastal an Rialálaí don bhliain 2015 (2014: €14,230). B'ionann agus €11,121 (2014: €1,404) ÁSPC ón bhFostóir i leith an Rialálaí. Fuair an Rialálaí speansais taistil agus chothaithe dar luach €1,018 (2014: €21). Ní bhfuair sé aon airgead ar bith (2014: €0) i leith speansais eile. Tá teidlíochtaí pinsin an Rialálaí i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Rialálaí aon pheorcaisí ná sochair sa bhliain 2015.

Bhí seachtar fostaithe ag Oifig an Rialálaí (an Rialálaí san áireamh) ag an 31 Nollaig 2015.

6. Táillí Gairmiúla

	2015	2014
	€	€
Cuntasaíocht	63,950	1,538
Seirbhísí dlí	49,895	724
Cumarsáid	19,560	-
TF agus seirbhísí eile	31,144	-
	164,549	2,262

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

7. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh Ríomhaire €	Feisteas, Troscán agus Trealamh Oifige €	Córas Teileafóin €	Iomlán €
Costas				
Ag an 31 Nollaig 2014	1,008	-	-	1,008
Breiseanna le linn na bliana	20,976	5,893	4,182	31,051
Diúscairtí le linn na bliana	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2015	21,984	5,893	4,182	32,059
Dímheas				
Ag an 31 Nollaig 2014	28	-	-	28
Muirear don bhliain	6,648	310	813	7,771
Dímheas ar dhiúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2015	6,676	310	813	7,799
Glanluach Leabhar				
Ag an 31 Nollaig 2015	15,308	5,583	3,369	24,260
Ag an 31 Nollaig 2014	980	-	-	980

8. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2015 €	2014 €
Ioncam fabhraithe	1,016,123	131,507
Réamhíocaíochtaí	18,972	-
Cártaí Taistil	1,572	-
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	168	-
	1,036,835	131,507

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

9. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2015	2014
	€	€
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	157,582	5,770
Soláthar pinsean (Nóta 10)	74,074	4,354
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	-	14,838
Ilchreidiúnaithe/Cárta Visa	243	311
ÍMAT/ÁSPC	15,761	-
Tobhach pinsin	12,768	-
Asbhaintí ceardchumainn	322	-
Dlíteanas CBL	552	-
	261,302	25,273

10. Soláthar pinsean

Tá scéim pinsean sochair shainithe á dréachtú ag an Rialálaí dá chuid fostaithe faoi láthair. Beidh struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus iarrfar cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina leith. Is ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas a ghearrtar ranníocaíochtaí carntha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóra ar ráta 25% den phá inphinsin sa tréimhse reatha. Coinnítear na ranníocaíochtaí carnacha thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Beidh teidlíochtaí sochair na bhfostaithe ina bhfeidhm dá seirbhís le hoifig an Rialálaí agus dá seirbhís roimhe sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní fhaigheann oifig an Rialálaí aon chistiú i leith na dteidlíochtaí sochair sin. Ní dócha go mbeidh oibleagáid ar oifig an Rialálaí acmhainní a chuimsíonn sochair eacnamaíocha (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí fostóra) a aistriú le haghaidh sochar atá iníoctha le baill. Níltear ag súil leis go dtiocfaidh riosca achtúireach ná riosca infheistíochta aníos i gcás oifig an Rialálaí.

Mar thoradh air sin, ní mheastar go bhfuil feidhm ag na ceanglais in FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh breise riachtanach.

11. Tuilleamh Coinnithe Carntha

	2015
	€
I dtús na bliana	107,214
Barrachas don bhliain	799,119
Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana	906,333

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

12. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais maidir le caiteachas caipitil ann ag an 31 Nollaig 2015.

13. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Rialálaí an Chranchnuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 7 Nollaig 2016.

Ciste an chrannchuir Náisiúnta Ráitis Airgeadais 2015

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Chrannchuir Náisiúnta, 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an cuntas ar fháltais agus ar íocaíochtaí, an cuntas cúlchiste agus nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná an fhormáid ar shonraigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í de réir alt 22 den Acht.

Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shonraithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar an gcuntas

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- ▶ cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- ▶ cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar an gcuntas

Is é mo thuairim go léirítear sna ráitis airgeadais go cuí

- ▶ na híocaíochtaí isteach i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta agus amach as don bhliain 2015, agus
- ▶ iarmhéid an Chiste ag an 31 Nollaig 2015.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Rialálaí chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- ▶ gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- ▶ nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Rialálaí an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶ go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Nollaig 2016

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Ráiteas Faoi Rialú Inmheánach

Airgeadais

Aithním an fhreagracht atá ormsa as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Timpeallacht Rialaithe

Rinne an Rialálaí na bearta seo a leanas chun timpeallacht chúil rialaithe a áirithiú:

Ós rud é gur oifig nuabhunaithe a bhí in oifig an Rialálaí sa bhliain 2015, d'fhostaigh an Rialálaí gnólacht seachtrach cuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus faireachán a dhéanamh orthu do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus chun taifeadadh agus tuairisciú airgeadais a dhéanamh gach mí ar bhainistíocht chuntais an Chiste go ginearálta. Chuir an Rialálaí córas i bhfeidhm chun taifeadadh agus réiteach na n-idirbhearta uile a éascú agus chun rian iomlán iniúchta a chur ar fáil maidir leis na hidirbhearta a phróiseáiltear. Tar éis dheireadh na bliana, tugann baill chuícháilithe foirne de chuid an Rialálaí faoi thaifeadadh agus tuairisciú airgeadais. De réir alt 44 d'Acht an Chrannchuir Náisiúnta, 2013, is é an Rialálaí atá freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste.


Chuir an Rialálaí próisis ar bun chun rioscaí gnó a shainaitheint agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a shainaitheint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta; agus
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar chumas an Rialálaí na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Ghlac an Rialálaí Cód Cleachtas maidir le Rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, rud atá bunaithe ar an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2009). Tugadh cód nua isteach le linn na bliana 2016 agus tá sé beartaithe ag an Rialálaí an cód sin a ghlacadh. Bonn eolais faoin bhfaireachán a dhéantar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair an Iniúcháir Sheachtraigh agus na tuairimí a chuireann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste in iúl ina litir chuig an lucht bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2015.

Sínte ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.



Liam Sloyan
Rialálaí

7th Nollaig 2016

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Cuntas ar Fháiltas agus ar Íocaíochtaí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015		2014	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí*	4		411,284		558,480
lúide:					
Suimeanna a íocadh leis na hoibritheoirí i leith:	5				
Duaiseanna		158,079		308,336	
Teidlíocht na n-oibritheoirí		74,085	232,164	60,554	368,890
			179,120		189,590
lúide:					
Suimeanna a íocadh leis an Rialálaí i leith Thobhach an Rialálaí	11		615		0
			178,505		189,590
Ús ar Infheistíochtaí a fuarthas/(a íocadh)	7		(129)		55
Táille Iníúcháireachta a íocadh			0		(8)
			178,376		189,637
Suimeanna a aistríodh chuig an Lárchiste	8		(193,369)		(178,000)
Méadú/(Laghdú) ar an Infheistíocht a aistríodh chuig an/(ón) gCuntas Cúlchiste			(14,993)		11,637

* Ba é Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an 29 Samhain 2014. Thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited mar oibritheoir an 30 Samhain 2014 faoi cheadúnas fiche bliain.

AN CUNTAS CÚLCHISTE

	Nóta	2015	2014
		€'000	€'000
Iarmhéid ar taisce an 1 Eanáir		57,257	45,620
Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht		(14,993)	11,637
Iarmhéid ar taisce an 31 Nollaig	7	42,264	57,257
lúide:			
An glan-iarmhéid dlite do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist	9	(616)	(17,172)
An t-iarmhéid a coimeádadh i leith duaiseanna éagtha stairiúla	10	(16,092)	(16,092)
An Dliteanas i leith Thobhach an Rialálaí	11	(1,017)	(132)
An t-iarmhéid ar fáil lena dháileadh tríd an Lárchiste	8	24,539	23,861

Liam Sloyan

Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

7 Nollaig 2016

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Nótaí leis na Cuntais

1. An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh i 1986, ar aghaidh de réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013 (“an tAcht”). Faoi Acht, lean an t-oibritheoir roimhe, mar a bhí Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist, fochuideachta de chuid An Phoist, den chrannchur a oibriú go dtí an 29 Samhain 2014. An 30 Samhain 2014, thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited (“PLI”), cuideachta chláráithe in Éirinn, mar oibritheoir faoi cheadúnas (“an Cheadúnas”) ar dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é an 27 Feabhra 2014.

2. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (“an Ciste”), a bunaíodh faoi Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, de bheith ann de bhua alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi alt 7 den Acht, cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le héifeacht ón 17 Samhain 2014. De réir alt 44 den Acht, déanann an Rialálaí an Ciste a bhainistiú agus a rialú.

Faigheann an Ciste fáltais de chuid an Chrannchuir Náisiúnta ó na hoibritheoirí agus íoctar suimeanna uaidh i leith duaiseanna, thobhach bliantúil an Rialálaí agus theidlíochtaí na n-oibritheoirí faoi na ceadúnais. Aistríonn an Rialálaí cistí, ag eatraimh a gcinneann an tAire iad, chuig an Státchiste (tar éis soláthar cuí a dhéanamh do dhliteanais ionchasacha nó theagmhasacha) lena gcur i bhfeidhm chun na gcríoch a leagtar amach san Acht. Ríomhtar na suimeanna atá dlite do Chúiseanna Maithe a bheith cothrom le 65% den ollioncam cearbhadhachais, mar a leagtar amach san Acht agus sa Cheadúnas.

I gcomhréir le clásal 6.2 den Cheadúnas, is i mBanc Ceannais na hÉireann a fheidhmíonn an Rialálaí cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.

3. Cuntais an Chiste

Mionsonraítear sna cuntais na suimeanna a fuarthas agus a íocadh sa bhliain faoi athbhreithniú mar aon le hanailís ar an iarmhéid atá ann ag deireadh na bliana. Faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, ní mór cuntais an Chiste a bheith iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ní mór cóip d’achóimre na gcuntas iniúchta agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a bheith leagtha ag an Rialálaí os comhair an dá Theach den Oireachtas.

4. Suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí

Mar a cheanglaítear leis an Acht, cuimsíonn na suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí fáltais ó dhíolachán ticéad lúide luach saothair na miondíoltóirí agus duaiseanna beaga.

B’ionann na suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí agus €411m sa bhliain 2015 (2014: €558m). Baineann €130m den laghdú sin le fadhbanna teicniúla agus uainiúcháin sreabhadh airgid a bhí bainteach le tabhairt isteach an cheadúnais nua, go háirithe i leith sreafaí airgid do photaí óir de chuid Euromillions agus íocaíochtaí le miondíoltóirí. De bhreis air sin, tagann €17m aníos de bharr laghdú ar an leibhéal díolacháin.

5. Suimeanna a íocadh leis na hoibritheoirí

B’ionann na suimeanna a íocadh leis na hoibritheoirí agus €232m sa bhliain 2015 (2014: €369m). Bhain €158m le híocaíochtaí duaise (2014: €308m) agus bhain €74m le teidlíocht na n-oibritheoirí (2014: €61m).

Tháinig an laghdú ar íocaíochtaí duaise as fadhbanna sreabhadh airgid a bhain le tabhairt isteach an cheadúnais nua (féach nóta 4 thuas).

Déantar íocaíochtaí leis na hoibritheoirí i leith theidlíocht na n-oibritheoirí a ríomh bunaithe ar théarmaí an cheadúnais nua.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Nótaí leis na Cuntais

6. Anailís ar shuimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí agus a íocadh leo

Is mar a leanas atá anailís ar shuimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí agus a íocadh leo:-

	Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist	Premier Lotteries Ireland Limited	Iomlán 2015	Iomlán 2014
	€'000	€'000	€'000	€'000
Suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí	-	411,284	411,284	558,480
Suimeanna a íocadh leis na hoibritheoirí i leith:				
Duaiseanna	2,549	155,530	158,079	308,336
Speansais na n-oibritheoirí	12,804	61,281	74,085	60,554
	(15,353)	194,473	179,120	189,590

7. Infheistíochtaí an Chiste

Is i gcuntas taisce a choimeádtar i mBanc Ceannais na hÉireann a choinnítear an t-airgead ar fad de chuid an Chiste. Déantar ús a ríomh ar bhonn laethúil agus íoctar é dhá uair sa bhliain. B'ionann agus €33,504 an t-ús a bhí fabhráithe agus nach raibh íoctha ag an gCiste ag deireadh na bliana.

8. Suimeanna a aistríodh chuig an Lárchiste

Tar éis soláthar a dhéanamh do dhliteanais reatha an Chiste agus d'aon dliteanais ionchasacha nó theagmhasacha, déanann an Rialálaí socruithe maidir le haistriú cistí ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Lárchiste le linn na bliana ag eatrainmh a gcinneann an tAire iad. Vótálann an tOireachtas leithdháileadh airgead an Lárchiste ar thairbhíthe trí phróiseas bliantúil na Meastachán. Eisítear airgead le linn na bliana agus coimeádtar cuntas orthu trí na Cuntais Leithreasa.

9. An Glan-iarmhéid atá dlite do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist

Na haistrithe idir Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a gcuirtear síos orthu i Nótaí 4 agus 5 thuas, rinneadh iad ar bhonn ó lá go lá go dtí an 29 Samhain 2014 (an dáta ar ar scoir Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist den Chrannchur Náisiúnta a oibriú), bunaithe ar an staid airgid.

Tar éis chur i gcrích an iniúchta bhliantúil ar Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist don bhliain 2014, ba é €17.172m an t-iarmhéid measta a bhí dlite do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist ag deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014. Costais ab fhiú €9.5m a bhain le haistriú na n-oibríochtaí chuig PLI a chur i bhfeidhm, an costas a bhain le córais a oibriú ar feadh tamaill tar éis an 29 Samhain 2014 agus na costais sin ar measadh go dtabhófaí iad i bhfoirceannadh Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist faoina ceadúnas, tá soláthar déanta dóibh i gcuntais Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist don bhliain 2014. In 2015, chuir Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist sonraisc isteach agus íocadh €15.353m léi go dtí seo ón gCiste i leith an iarmhéid €17.172 a bhí ann an 31 Nollaig 2014. Bunaithe ar athbhreithniú ar dhliteanais den sórt sin, laghdaíodh an t-iarmhéid measta a bhí dlite do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist ag an 31 Nollaig 2015 go €0.616m.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Nótaí leis na Cuntais

10. An t-iarmhéid a coimeádadh i leith duaiseanna éagtha stairiúla

Ag an 31 Nollaig 2015, leantar de shuim €16.092m a bheith aitheanta mar theorainn leis na cistí atá ar fáil lena ndáileadh. Baineann an tsuim sin le duaiseanna éagtha a d'eascair as an gceadúnas roimhe le Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phoist.

Beidh teorainn leis na cistí sin lena ndáileadh go dtí go gcinneadh an dliteanas i leith na suime sin. Tá an cinneadh faoi réir comhairliúchán leanúnach ag an Rialálaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an PLI.

11. An Dliteanas i leith Thobhach an Rialálaí

De réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013, foráiltear leis an gCeadúnas go n-íocfaidh an PLI tobhach bliantúil leis an Rialálaí chun na speansais ar thabhaigh an Rialálaí iad go cuí a sheasamh. Baintear na suimeanna sin as íocaíochtaí leis an PLI agus coimeádtar sa Chiste iad lena n-íoc leis an Rialálaí. Ba é €1.017m an tsuim a bhí dlite don Rialálaí ag an 31 Nollaig 2015.

12. An glan-iarmhéid idir Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI") agus an Ciste

Ós rud é go gcuirtear na Cuntais i láthair ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ní dhéantar aon soláthar d'aon suimeanna atá fágtha idir an PLI agus an Ciste ag an 31 Nollaig 2015. Tá cinneadh aon suimeanna den sórt sin faoi réir plé leanúnach ag an Rialálaí leis an PLI agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanfar aon suimeanna den sórt sin a ghlanadh tar éis iad a chinneadh.

13. Táille iniúchóireachta

Is é Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a íocfaidh an táille iniúchóireachta do na Cuntais don bhliain 2015 agus do bhlianta ina dhiaidh sin. Is é €5,000 an táille iniúchóireachta don bhliain 2015.

14. Ceadú Chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

Cheadaigh an Rialálaí Cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015 an 7 Nollaig 2016.



Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

Block D,
Irish Life Centre,
Lower Abbey Street
Dublin 1
D01 W2H4

Tel: +353 (1) 872 7932
Email: info@rnl.ie
Url: www.rnl.ie